

Tomai Ó Conghaile

Labhair **Aonghus Dwane**, Oifigeach na Gaeilge, le **Tomai Ó Conghaile**, céimí de chuid TCD, faoina shaol agus a chuid oibre.

• Inis dúinn píosa fút féin, a Thomaí.

Is as contae Ard Mhacha, taobh amuigh d'lúr Cinn Trá, mé ó dhúchas.

Is ann a chuaigh mé ar scoil - d'fhreastail mé ar Choláiste Cholmáin ar an lúr - agus is ansin a thosaigh mé ag foghlaim Gaeilge chomh maith.

Cé nach bhfuil mórán Gaeilge ag mo thuismitheoirí ná ag mo dheirfiúr, bhí an teanga go fóill beo i mo cheantar féin go dtí tús an chéid seo caite agus bhí an-dúil ag mo theaghlach sa chultúr nuair a bhí mé ag fás aníos - is cinnte gur spreag sé sin mé dul i dtreo na Gaeilge.

• Cén fáth gur roghnaigh tú Coláiste na Tríonóide? Cén cúrsa staidéir a lean tú anseo?

Bhí sé de rún agam i gcónaí staidéar a dhéanamh ar an Ghaeilge ar ollscoil ach rith sé liom fosta go mbeadh sé suimiúil teanga eile a fhoghlaim ag an am céanna. Bhí rud éigin an-tarraingteach faoi staidéar a dhéanamh i gcaithair bheoga mar Bhaile Átha Cliath agus nuair a fuair mé amach go dtiocfadh liom Spáinnis agus Gaeilge a dhéanamh le chéile i gColáiste na Tríonóide, thapaigh mé an deis agus thosaigh mé ar mo thuras Tríonóideach!

• Bhí tú páirteach sa Scéim Chónaithe i TCD- inis dúinn píosa faoi sin.

Bhí am iontach agam i TCD, ní hamháin go raibh an-chraic agus spraoi

ann ach d'oscail sé mo shúile domh maidir leis na féidearthachtaí a bhí ann leis an Ghaeilge.

I mo bhliain dheireanach cuireadh tús leis an Scéim Chónaithe Ghaeilge ar champas agus bhí an t-ádh orm go bhfuair mé áit ann. Níl aon amhras gur bhí i sin an bhliain ab fhearr a bhí agam ar ollscoil – teach lán cainteoirí Gaeilge, uilig ag déanamh cúrsaí éagsúla ach ag labhairt i nGaeilge i rith an ama. Bhí atmaisféar iontach ann agus chuir an scéim go mór le híomhá na teanga san ollscoil ar fad. Tá an scéim ag cur le saol na Gaeilge i TCD i gcónaí agus tá mé an-bhuíoch agus sásta go raibh mé féin páirteach ann.

• Chuaigh tú ag obair leis na meáin-conas mar a chuir tú suim i bheith ag obair leo?

Thosaigh mé ag scríobh don Trinity News nuair a bhí mé sa dara bliain – bhí mé mar Eagarthóir Gaeilge ann agus ceapadh mé i mo Leas-Eagarthóir ar an nuachtán ina dhiaidh sin. Mar sin chuaigh mé isteach sna meáin tríd an Ghaeilge agus bhain mé an-sult as an chineál sin oibre – ag cur eolais ar fáil don phobal agus ag cur na Gaeilge chun cinn ag an am céanna.

Leis an taithí sna meáin chumarsáide a fuair mé i TCD, d'éirigh liom post a fháil leis an nuachtán laethúil, Lá Nua, i mBéal

Feirste. Bhain mé triail as na meáin chraolta ansin chomh maith agus bhí clár agam ar Raidió Fáilte sular thosaigh mé mar léiritheoir agus láithreoir le BBC Raidió Uladh. D'fhoghlaim mé go leor ansin agus cuireadh os comhair na gceamaraí mé fiú nuair a seoladh an clár lmeall Geal cúpla bliain ó shin. Bhí anspraoi agam á láithriú sin agus craoladh an dara sraith ar BBC2 le déanaí.

Bhí fíis agam i gcónaí tús a chur le tograí de mo chuid féin agus sin an rud atá idir lámha agam i láthair na huaire. I ndiaidh domh aithne a chur ar ghluaiseachtaí teangacha eile ar nós na Bascaise agus na Catalóinise, rith sé liom go raibh gá le forbairt a dhéanamh ar na meáin Ghaeilge anseo mar sin i 2008 chuir mé tús leis an iris stílbheatha, nós*. Pléann an iris leis an saol comhaimseartha agus tá sé ar fáil ar líne, mar aon le leagan clóite a bhfuil athstruchtúrú a dhéanamh air faoi láthair. Tá baint agam chomh maith le togra eile a bhfuil an-tábhacht leis ná Nuacht24, seirbhís nuachta ar líne ar a mbíonn scéaltaí agus fiseáin ag dul suas ann gach lá.

• An mbíonn teagmháil fós agat leis an gColáiste?

Tá mé go fóill i dteagmháil le roinnt mhaith daoine a bhí ar Choláiste na Tríonóide liom, agus bíom ag plé le Roinn na Gaeilge ó am go chéile chomh maith. Leis an idirlíon, tá mé in ann bheith ar an eolas faoi cad a bhíonn ar siúl ag an gCumann Gaelach srl. agus is tógáil chroí dom é an obair mhaith atá ar bun i TCD faoi láthair – tá an ollscoil á Gaelú de réir a chéile!

Míle buíochas as labhairt le "Trinity Today", a Thomaí, agus gach rath ort amach anseo!

Oifig na Gaeilge

Tá Oifig na Gaeilge ann leis an Ghaeilge a chur chun cinn i measc phobal an Choláiste, idir mhic léinn agus bhail foirne, leis na scéimeanna cónaithe Gaeilge a riaradh, agus lena chinntiú go mbíonn dualgais reachtúla an Achta Teanga á comhlíonadh.

- Guthán: **01 8963652**
- R-phost: **gaeloifig@tcd.ie**
- Gréasán: **www.tcd.ie/gaeloifig**